



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



Straiteis Cultuir agus Cruthaitheachta

2023–2027



Ceatharlach

Na Caibidlí

	Réamhrá	02
01	Éire Ildánach 2023–2027	04
02	Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Cheatharlach	06
03	Fís Éire Ildánach do Chontae Cheatharlach	12
04	Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha	14
05	Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae Cheatharlach	16
06	Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae Cheatharlach	20
07	Léarscáil de Chontae Cheatharlach	22
	Aguisín	23
	Coiste um Beartais Straitéiseacha Chomhairle Contae Cheatharlach Foireann Cultúir Chomhairle Contae Cheatharlach Comhpháirtithe agus Comhoibrithe Buíochas	

Réamhrá

Cuireann Contae Cheatharlach deiseanna suntasacha i láthair chun borradh agus rath a chur ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht don uile dhuine sa phobal. Tabharfaimid cuireadh do phobail, tríd an straitéis seo, féachaint orthu féin mar chomhchruthaitheoirí a n-eispéireas féin ó thaobh cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta, agus iad ag obair i gcomhar le comhpháirtithe ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar fholláine agus ar chaighdeán saoil.

Tá ceithre shainghné ó thaobh tírdhreach neamhghnách i gContae Cheatharlach, eadhon, an Ísealchríoch Láir, an tSláine — Tailte Feirme ar an Taobh Thoir, an Staighre Dubh, agus Ardtailte Stua

Laighean agus Cnoic Chill Uisean. Tá taitneamhachtaí nádúrtha i gCeatharlach nach bhfuil a sárú le fáil, ar nós, Bealach na Bearú, Páirc Foraoise Pháirc na Darach, Gairdíní Altamont agus Garrán Duckett. Tá Contae Cheatharlach, lena stair Cheilteach, báite i ndéantúsáin stairiúla agus seandálaíochta ó láithreán págánta ar nós Dolmain Chnoc an Bhrúnaigh agus láithreacha eaglasta amhail Tigh Moling agus Seanleithghlinn chomh maith le limistéir speisialta faoi chaomhnú. Tá Músaem Contae Cheatharlach, atá suite i seanáras

Cruinniu na n'Og 2019, *Take A Part Carlow "Let Loose"* parade, featuring *Dublin Circus Project*, Carlow.
Photographer: Michael O'Rourke



Chlochar na Toirbhearta ar Shráid an Choláiste i mbaile Cheatharlach, ar cheann de na músaeim áitiúla is nuaí in Éirinn agus gradam bronnta air mar gheall ar a fheabhas don lucht turasóireachta.

Cé gur contae beag é contae Cheatharlach, tá saibhreas ealaíon ann a chothaíonn lucht ealaíon agus dearthóireachta, lucht cruthaitheachta agus pobal na gcomharsanachtaí gach lá agus admhaítear go forleathan an tairbhe a dhéanann siad go léir do shaol na háite agus an tslí ina gcuirtear ar chumas na ndaoine fanacht i gcuidreamh lena chéile agus mórtas cine a bhrath. Déantar ceiliúradh ar an gcultúr freisin i ngnáthimeachtaí an lae, cruinnithe áitiúla, insint scéalta, cur síos ar sheanchas agus nósanna na háite. Tá Ceatharlach bródúil freisin óstach a dhéanamh ar Ghlór Cheatharlach, eagraíocht áitiúil atá tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir i gCeatharlach ón mbliain 2008.

Tá eagraíochtaí náisiúnta ealaíon den scoth, a bunaíodh go háitiúil agus a forbraíodh trí Sheirbhís Ealaíon an Chontae, lonnaithe i gCeatharlach. Áirítear orthu sin *Féile Ealaíon Cheatharlach*, *VISUAL*, *Music Generation Cheatharlach*, *Amharolann Óige Chontae Cheatharlach*, *Aspiro* — *Cór Chantairí Óga Cheatharlach*, *Take A Part Carlow* ina bhfuil daoine as ceantar Bhóthar na Tuláí Baile Cheatharlach agus Áiteanna Cruthaitheacha Muine Bheag. I measc na n-imeachtaí cultúir a tionscnaíodh go neamhspleách, tá *Féile Scríbhneoireachta agus Smaointeoireachta Theach na Buirise*, ar sampla é den iliomad féile a eagraítear ar fud Chontae Cheatharlach agus *FORM* — córas caidrimh idir lucht dearthóireachta agus déantúsaíochta atá seanbhunaithe i gContae Cheatharlach — rud a léiríonn an spéis atá ag daoine in Éirinn agus thar lear san ealaín, sa dearthóireacht agus sa cheardaíocht a dhéantar sa cheantar.

Is ionaid bhríomhara pobail na leabharlanna poiblí i gCeatharlach áit ina dtagann daoine le chéile agus ina gcruthaítear tuiscint an phobail ar an áit, ar an gcultúr agus ar an bhféiniúlacht. Déantar ceannródaíocht iontu maidir le seirbhís nuálach a chur ar fáil lena spreagtar spéis, lena scaiptear eolas agus lena dtugtar deis níos fearr do dhaoine agus do chomharsanachtaí i réimse na léitheoireachta agus na litearthachta, i réimse na foghlama agus na faisnéise, agus sa réimse pobail agus cultúir. Baineann tionscnaimh ar nós *Éire Shláintiúil* ag an Leabharlann leas as acmhainn na leabharlainne a bheith

ina foinse fhiúntach sa phobal chun feabhas a chur ar chúrsaí sláinte agus folláine agus ar chaighdeán an tsaoil do phobail agus do dhaoine i ngach aoisghrúpa.

Tríd an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus Plean Áitiúil d'Fhorbairt na nEalaíon, tá bonn daingean faoi ról an chultúir agus ról na cruthaitheachta sa bheartas poiblí i gContae Cheatharlach ionas go spreagtar agus go gcothaítear feabhas ar chaighdeán an tsaoil agus ar rannpháirtíocht an phobail trí Líonra Rannpháirtíochta Pobail.

Cuireann Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Cheatharlach leis an oidhreacht thar thríocha bliain de cheannródaíocht i bhforbairt an chultúir taobh istigh de Chomhairle Chontae Cheatharlach. Le cúig bliana anuas tá deiseanna suntasacha curtha ar fáil dár bpobail ag clár Éire Ildánach Cheatharlach agus tá siad neadaithe sa Chultúr agus sa Chruthaitheacht laistigh den Údarás Áitiúil.

Tá sé mar aidhm leis an straitéis go mbeadh luach breise á chur le beartais agus le pleananna atá i bhfeidhm cheana féin ionas go gcuirfeadh leis an réimse leathan cultúir i gContae Cheatharlach trí thacú le cur chuige comhoibriúch comhtháite lena n-úsáidfear acmhainn an chultúir ar mhaithe le tacú le cuspóirí leathana sóisialta, eacnamaíochta agus pobail. Cruthófar deiseanna maidir le smaointeoireacht de chineálacha nua agus modhanna oibre de chineálacha nua ionas go gcinntítear go gcuirtear i gcorích an fhís maidir le bonn a chur faoin gcruthaitheacht i ngach pobal.

Tá Éire Ildánach Cheatharlach neadaithe go domhain i saol cultúir agus cruthaitheach Cheatharlach ó bunaíodh é. Agus sinn ag dul ar aghaidh chun céim forbartha nua, tá sé i gceist againn rochtain a fheabhsú chuig agus cur le tionchar forleathan an chláir. Níos tábhachtaí fós – mar Chontae, déanfaidh Ceatharlach a dhícheall tacú le cruthaitheacht an phobail, leanúint ar aghaidh le nuálaíocht cultúrtha agus folláine a chothú agus sinn ag tabhairt faoin turas.

An Comhairleoir Brian O'Donoghue
Cathaoirleach, Comhairle Contae Cheatharlach

Mr. Michael Rainey
Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)
Comhairle Contae Cheatharlach

1 Éire Ildánach 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fíis Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fire agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a goruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an goruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eaconamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírthe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an goruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Borris House, Borris, Co. Carlow.
Photographer: Borris Festival of Writing and Ideas



Scabby House, Raheenkyle, nineteenth-century vernacular stone structure near Borris Co. Carlow. **Photographer:** Gary Dempsey (Digital Heritage Age)

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCeatharlach

Tá an Cultúr agus an Chruthaitheacht i gcoilár an phobail. Cuireann an straitéis seo deis uathúil ar fáil do Chontae Cheatharlach lenár scéal a chomhroinnt maidir le hathrú ó bhonn, teacht aniar agus nuálaíocht ó thaobh cúrsaí cultúir agus maidir lena thionchar ó thaobh cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus pobail.

Ó cuireadh tús le Clár Éire Ildánach i gCeatharlach, tá infheistíocht sa bhreis ar €1,103,304 déanta sa chultúr agus sa chruthaitheacht ar fud an chontae. Fuair 26 tionscadal difriúil tacaíocht faoi Chlár Éire Ildánach i gCeatharlach trí scéim deontais “Gairm Oscailte” Clár Éire Ildánach Ceatharlach. Tá clárú déanta ar níos mó ná 121 ócáid phoiblí beo ar fud Chlár Éire Ildánach Ceatharlach ón mbliain 2018. Sa bhliain 2021 féin, bhí lucht féachana os cionn 10,000 ag baint taitneamh as 47 cleachtóir cruthaitheach tráth ar cuireadh gníomhaíochtaí agus tionscadail chultúrtha ar fáil.

Aithníodh in athbhreithniú shuirbhé comhairliúcháin Éire Ildánach Ceatharlach go n-áiríonn roinnt de na láidreachtaí atá i gContae Cheatharlach an méid seo a leanas:

- Stair agus oidhreacht shaibhir an chontae, lena n-áirítear, oidhreacht thógtha agus timpeallachta
- Tá spiorad láidir pobail sa chontae agus an fonn ann an spiorad sin a roinnt go hoscailte
- Tugann suíomh beag tíreolaíochta Cheatharlach an deis dúinn acmhainní a dhiriú go héasca, saineolas agus eolas a chomhroinnt chun torthaí iontacha a bhaint amach.
- Tá pobal suntasach cleachtóirí ealaíona agus cruthaitheachta gairmiúla ar fud an chontae
- Tá daonra ilghnéitheach an chontae atá ag dul i méid ag cur go leor deiseanna ar fáil ó thaobh comhoibriú cultúir

— Tá traidisiún i gCeatharlach ó thaobh tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a bhaineann leis an bpobal

Áirítear ar shamplaí de thionscnaimh rathúla a fuair tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach Cheatharlach a chuir an comhoibriú chun cinn agus a chuir béim ar ghníomh ar son na haeráide nó a thug tacaíocht do phobail leochaileacha le cúig bliana anuas:

1. Tionscadal maidir le Portach an Droimín

Is ionann ‘Clár Ealaíne Phortach an Droimín’, agus tionscadal forbartha fadtéarmach ina bhfuil 4 Pháirt, chomh maith le dhá straitéis chruthaitheach, “Tionscadal Conair Adhmaid” agus “Tionscadal Banner”. Cumasaíonn an Tionscadal maidir le Portach an Droimín comhoibriú a thugann daoine le chéile agus cuireann leis an bpobal ar fud Deisceart Cheatharlach, agus a dhéanann tuilleadh forbartha ar chaidreamh láidir idir aoisghrúpaí difriúla, go háirithe daoine óga. Oibríonn an Tionscadal maidir le Portach an Droimín chun smaointe eolaíochta, saineolas seandálaíochta, scileanna agus níos tábhachtaí fós cruthaitheacht a thabhairt le chéile, chun fiúntas, ceiliúradh agus oidhreacht nádúrtha uathúil Phortach an Droimín i gCeatharlach a chosaint — an t-aon phortach ardaithe atá fágtha in Oirdheisceart na hÉireann.

2. Cruinniú na nÓg

Tá an tionchar atá ag príomhthionscnamh Éire Ildánach, Cruinniú na nÓg i gCeatharlach le brath go láidir agus tá fáilte mhór roimhe. Sa bhliain 2022 amháin, bhí 16 imeacht ar leithligh ar siúl ar fud Cheatharlach. D’fhreastail 2,500 lucht féachana ar na himeachtaí seo, lena n-áirítear 5 scoil dhifriúil, 9 n-eagraíocht comhpháirtíochta agus 16 ealaíontóir. Cuireann Seirbhís Ealaíon Cheatharlach clár bliantúil Chruinniú na nÓg ar fáil i gCeatharlach, i gcomhpháirtíocht le Féile Ealaíon Cheatharlach, Visual, Take A Part Carlow, Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach, Music Generation

Cheatharlach, Seirbhísí Réigiúnacha don Aos Óg agus Ógtheagmháil Cheatharlach.

3. Mol Ceardaíochta AE agus Lása na Buiríse tríd an bPost

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ina comhpháirtí ceannais ar Thionscadal nua AE “an Mol Ceardaíochta”. Áirítear sa Tionscadal ó thaobh Eoraip na Cruthaitheachta de, forbairt cás-staidéar atá á mhaoiniú faoi Chlár Éire Ildánach, agus a dhíríonn ar scéal an chomhoibrithe leis an gcultúr, na healaíona, forbairt gheilleagrach agus leabharlanna i gContae Cheatharlach a insint ar mhaithe leis an Tionscadal AE seo a leagan. Mar chuid den tionscnamh seo chomhoibrich Seirbhísí Ealaíon Cheatharlach le hOifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach, le healaíontóirí agus lucht ceirde Cheatharlach agus le Grúpa Déanta Lása na Buiríse chun “Lása na Buiríse tríd an bPost” agus “Malartú Lása na Buiríse” a fhorbairt. Tá na tionscadail seo atá á maoiniú faoi Chlár Éire Ildánach trí chiste na Scéime do Chruthaitheacht do dhaoine scothaosta, atá fréamhaithe go daingean inár bpobal dírithe ar Cheird Traidisiúnta Lása na Buiríse a chur chun cinn, a tháinig ó Dheisceart an Chontae, ó mhuintir na Buiríse agus Ráth Ana, faoi bhunchnoic na Staighrí Dubha. Bhí an pobal tuaithe iargúlta seo rannpháirteach sa tionscadal trí Ghrúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir na Buiríse/Ráth Ana, Bothán na bhFear na Buiríse agus Teach Altranais Lóiste na Buiríse agus rinne nascadh le tíortha comhpháirtíochta Mol Ceardaíochta AE.

3. Ó láithreán gréasáin agus tionscadal cartlainne Carlow Streams

Ó thaobh formhór mhuintir dhúchasach Cheatharlach tá *Follow Me Up to Carlow* ar an amhrán a chiallaíonn a gcontae dúchais dóibh. Anois, a bhuíochas do sheoladh láithreán gréasáin tiomanta, dar teideal *From Carlow Streams*, ar a bhfuil cartlann amhráin agus aithrise faoi Chontae Cheatharlach nó ag muintir Cheatharlach. Go dtí

seo, tá cartlannú déanta ar 210 mír, atá olibeáilte de réir ceantar áitiúil, údar agus téama. Áirítear ar ghnáththéamaí: grá, mórtas cine is ceantair, imirce, carachtair agus imeachtaí áitiúla, laochra pobail (tírghrá agus spóirt), creideamh agus spraoi. Sa chás go mbíonn taifeadtaí ann, tá siad sin san áireamh freisin. Bhí tionscadal *From Carlow Streams* indéanta trí mhaoiniú agus trí thacaíocht ó Chlár Éire Ildánach. Tá traidisiún béil shaibhir a théann siar i bhfad ó thaobh amhráin agus soéalta i gCeatharlach ach tá go leor den ábhar sin caillte. Tá sé mar aidhm leis an láithreán gréasáin seo agus le tionscadail ina dhiaidh seo agus iad ag obair le scoileanna agus leis an bpobal scothaosta, na traidisiúin atá sa cheantar seo maidir le cultúr an chontae a chaomhnú.

4. Ceolchoirmeacha Cúraim COVID-19 i gCeatharlach

Is é an dordveidhleadóir Gerald Peregrine a chuir Ceolchoirmeacha COVID-19 i dtoll a chéile i mBealtaine na bliana 2020 mar mhearfhreagra ar an bpaindéim. Chuir os cionn 105 de na healaíontóirí is mó aithne in Éirinn os cionn 1,300 ceolchoirm bheo ar fáil do bhreis is 125,000 duine in 23 contae. Faigheann an tionscadal seo tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhar le húdaráis áitiúla.

Thacaigh teistiméireachtaí ó Chlár Éire Ildánach Cheatharlach le healaíontóirí, éascaitheoirí agus páirtithe leasmhara a thug léiriú ar rathúlacht agus ar thionchar ar shaol laethúil phobal Cheatharlach.

An tÚdar agus an File Clifton Redmond maidir lena thionscadal scríbhneoireachta Cruinniú na nÓg 2020

— “an Mac Tíre Deiridh in Éirinn”..

“Tá tairbhe bainte agam as an iliomad deiseanna trí ghrúpaí agus eagraíochtaí éagsúla a fuair tacaíocht faoi scáth Éire Ildánach i gCeatharlach. D’fhreastail mé ar cheardlanna mar mhac léinn agus mar mhúinteoir araon. Tá forbairt déanta agam, trí thionscadail pobail-bhunaithe, ó dhuine le beagán spéise i réimse áirithe go scríbhneoir a bhfuil a chuid leabhar foilsithe go forleathan, agus tá sé feicthe agam an bealach inar féidir le tacaíochtaí ar bhonn áitiúil cabhrú leis an ealaíontóir le fás agus forbairt. Rinne Take A part Carlow, teagmháil liom le linn na paindéime ag iarraidh orm tionscadal scríbhneoireachta cruthaitheach ar líne a stiúradh, a bhí á mhaoiniú trí Chlár Éire Ildánach Cheatharlach, ina raibh leanaí fud fad an chontae rannpháirteach mar chuid de Chruinniú na nÓg, a bhí bunaithe ar an “The Last Wolf” a bhí, de réir an fhinscéil, ar an mac tíre deiridh a caitheadh ar Stua Laighean i gCeatharlach sna 1870aidí. Chuir dúthracht Take A Part Carlow agus Éire Ildánach Cheatharlach trínár cuireadh Cruinniú na nÓg ar fáil ar líne sa bhliain 2020 an deis ar fáil do dhaoine óga ar fud an chontae páirt a ghlacadh i spraoi agus scléip, saoráid a bhí i gceist leis seo a thug ardán do dhaoine óga nuair a bhí gá leis. Bhí sé de phléisiúr agam mo thaithí maidir le scríbhneoireacht chruthaitheach a chomhroinnt le daoine óga agus le daoine níos sine sa phobal trína cineálacha seo tionscadail agus tá torthaí na dtionscnamh seo feicthe agam ón bhunfhoinsé nuair a mhothaíonn an pobal go bhfuil siad bainteach le próiseas cruthaitheach.”

Róisín Whelan, Rinceoir agus Éascaitheoir maidir le Tionscadail Chruthaitheachta do Dhaoine Scothaosta,
— Doorstep Dances

“Leis an smaoineamh pléaráca a thabhairt chomh fada le teaghlaigh mhuintir na háite, níor thuig mé nach rince amháin a bhí á thabhairt chomh fada

leo i ndáiríre ach comhluadar, gáire, agus pléisiúr. Ní amháin gur chuir gach duine a casadh liom ar mo thuras lena gcothromaíocht, chuir siad lena gcomhordú, lena gceolmhaireacht, rithim agus lena solúbthacht, ach ón gcéad seachtain go dtí an séú seachtain chuir siad lena muinín ó thaobh a dhul amach agus meascadh le daoine agus bhí sé sin go léir mar thoradh spreagúil ar an tionscadal. Is mór an onóir dom go raibh ar mo chumas an clár seo a éascú agus tá ríméad orm go raibh teagmháil agam le chúig dhuine is daichead, agus mar dhaoine ní raibh a scoth le fáil. Tá áthas orm an deis a fháil chun cur le féidearthachtaí an rince: cur le réim an rince agus deiseanna a chruthú don uile dhuine lena bheith rannpháirteach ann. Is tionscadal rannpháirteach cumhachtach atá i gceist le Doorstep Dances ní hamháin don phobal, ach mar ealaíontóir d’fhás mé suas leis na daoine ar bhuail mé leo, fuair mé taithí ar an saol trína súile, fiú amháin ar feadh achar gearr, ach níos tábhachtaí fós tá mé mar chuid den phobal seo anois, pobal ina bhfuil daoine fuinniúla le saibhreas eolais, tuisceana agus anois an rince is féidir leo a chomhroinnt le pobail ar fud an domhain.”

Helena McAteer — thar ceann Grúpa Déantóirí Lása na Buiríse
— Tionscadal Lása na Buiríse Tríd an bPost, Cruthaitheacht do Dhaoine Scothaosta

“Bunaíodh Déantóirí Lása na Buiríse sa bhliain 2016. Tá an grúpa tiomanta d’athbheochan a dhéanamh ar Lása na Buiríse a théann siar go dtí deireadh na 1840aidí. Comhoibrímid le pobail áitiúla ar mhaithe leis an gceird stairiúil seo a thosaigh arís agus a chinntiú go mbíonn sé mar chuid dár n-oidhreacht áitiúil agus náisiúnta. Le linn na laethanta ba dheacra de Phaindéim COVID- 19, bhíomar i mbun comhoibrithe le comhpháirtithe tionscadail ar thionscadal Lása na Buiríse tríd an bPost. Fuair an tionscadal iontach seo tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach Cheatharlach mar chuid de chiste Cruthaitheachta do Dhaoine Scothaosta 2021 i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach agus tionscadail an Mhoil Cheardaíochta.

Choinnigh cianobair leis na healaíontóirí, Jules Michael agus Ally Nolan i gcomhar le hOifig Ealaíon Cheatharlach an grúpa déanta lása le chéile agus dírithe ar an gceird le linn na dianghlasála. Bhí teacht ag an tionscadal, atá dírithe orthu siúd atá os cionn 65 bliain d’aois, ar na daoine is leochailí inár sochaí ar mhaithe le cabhair a thabhairt dóibh le linn ama a bhí thar a bheith deacair. Bhí ríméad orainn cónaitheoirí ó Theach Altranais Lóiste na Buiríse a thabhairt san áireamh agus bhí áthas orainn a chloisteáil go raibh daoine ag tnúth go mór leis an fhearas déanta lása a fháil ar an bpost gach aon mhí, a bhí deartha go hálainn ag Jules agus ag Ally.

D’inis duine de na déantóirí lása dúinn, a raibh a deirfiúr ag dul trí chóir leighis le haghaidh ailse agus í ina cónaí léi féin, maidir leis an mbealach inar chuidigh an tionscadal léi le linn tréimhse a bhí deacair agus dorcha. Bhí mo mháthair, go ndéana Dia grásta uirthi, i Lóiste na Buiríse, a chiallaíonn go bhfuil fianaise ó bhunfhoinsé agam maidir leis an sásamh a bhain sí as an tionscadal agus chomh bródúil is a bhí sí a saothar a fheiceáil ag an taispeántas deiridh i dTeach na Buiríse.”

Tá sé mar fhís le hÉire Ildánach go mbeidh an deis ag an uile dhuine atá ina gcónaí in Éirinn a lánacmhainneacht chruthaitheachta a bhaint amach. Tugtar faoin fhís trí Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach:

- Colún 1: Gach Leanbh a Chumasú lena nAcmhainneacht Chruthaitheach a bhaint amach
- Colún 2: Cruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal
- Colún 3: Infheistíocht inár mBonneagar Cruthaitheachta agus Cultúir
- Colún 4: Tionscail Chruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta
- Colún 5: Clú na hÉireann ar fud an Domhain a Thabhairt le Chéile

Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach ó thaobh na físe seo. Féachtar freisin ar cheangal a chothú idir ealaíontóirí agus lucht cruthaitheachta eile a bheith rithábhachtach chun an fhís a bhaint amach.

Tá sé mar fhís do Chontae Cheatharlach todhchaí a chruthú a mbíonn cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta ina chroílár chun treallús a chur faoi ardchaighdeán saoil, sonas, sláinte, folláine agus rath eacnamaíochta a chur chun cinn trí chlár atá dírithe ar dhaoine agus a fhágann go bhfuil an cultúr agus an chruthaitheacht ina ndlúthchuid den ghnáthshaol ar bhealach a théann chun leasa don uile dhuine.

Tá ár bhfís faoi threoir ag uailmhianta líon pleananna tábhachtacha, a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith thíos, ina dtugtar aitheantas don ghá le cúrsaí ealaíon, cultúir agus oidhreacht a chothú, a chaomhnú agus a spreagadh ionas gur féidir cuspoirí straitéiseacha na bpleananna sin a sheachadadh go rathúil. Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Cheatharlach 2022 go 2028:

“Pobail inbhuanaithe sa Chontae a chur chun cinn, a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu trí raon saoráidí agus seirbhísí a sholáthar chun freastal ar riachtanais ilghnéitheacha agus riachtanais atá ag dul i méid an lucht cónaithe go léir agus ar an mbealach sin tacú le rannpháirtíocht pobail agus le hionchuimsiú sóisialta agus feabhas a chur ar chaighdeán saoil don uile dhuine”
Gnéithe oidhreacht a thógtha nádúrtha an Chontae a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú chun marthanas a luach intreach a chinntiú do na glúnta atá le teacht agus chun a chinntiú go gcuireann siad le forbairt inbhuanaithe todhchaí an Chontae,”

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016–2021: Plean Gníomhaíochta — Ag Maireachtáil i gContae Cheatharlach
“Pobail atá bríomhar, ina bhfuil teacht aniar, atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhunú.”

Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Cheatharlach 2019–2024: <i>“Seirbhís rialtais áitiúil ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Chontae Cheatharlach trí chosaint agus feabhsú na timpeallachta agus an caighdeán saoil a fheabhsú.”</i>	Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019–2024 <i>“A chinntiú go mbíonn tuiscint cheart ann maidir leis na príomhrioscaí agus le príomhleochaileacht athrú aeráide.”</i> <i>“Gníomhartha atá seasmhach ó thaobh na haeráide a chur i bhfeidhm ar bhealach pleanáilte agus réamhghníomhach.”</i> <i>“A chinntiú go bhfuil príomhshruthú déanta ar bhreithnithe um oiriúnú aeráide i ngach beartas agus plean agus comhtháite i ngach oibríocht agus feidhm de chuid an údaráis áitiúil.”</i>
Straitéis Leabharlainne Náisiúnta — Na Leabharlanna Poiblí 2022: <i>“Tá an leabharlann mar chroílár gníomhaíochta pobail agus cultúir. Tá sé mar chatalaíoch don tsamhlaíocht, ag spreagadh cruthaitheacht laistigh de phobail agus i measc daoine den uile aois, cúlra agus cumas. Soláthraíonn an leabharlann spás atá fáilteach agus cuimsitheach do dhaoine aonair agus do gach pobal, lena n-áirítear, pobail nua nach bhfuil comhtháite go hiomlán go fóill i sochaí na hÉireann. Is seirbhís atá i gceist atá go hiomlán daonlathach, a ghlacann agus a thacaíonn le gach duine aonair, beag beann ar aois, cumas, cultúr nó cúinsí pearsanta.”</i>	
Plean Forbartha Áitiúil Chontae Cheatharlach maidir leis an Ealaín 2016–2021: <i>“Seirbhís rialtais áitiúil ar ardchaighdeán do mhuintir Chontae Cheatharlach. Oibreoimid i spiorad na comhmuiníne ar bhealach atá oscailte, éifeachtach agus rannpháirteach ar mhaithe le leas coiteann mhuintir Chontae Cheatharlach.”</i>	
Plean Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Chontae Cheatharlach: <i>“Chun rannpháirtíocht an phobail i gcoinnteoireacht a éascú ag leibhéal áitiúil a chuireann le folláine agus inmharthanacht.”</i>	



Exhibition opening and project participants of *Borris Lace by Post*, *Creativity in Older Age Scheme Project*, Carlow. **Photographer:** Michael O'Rourke

3

Fís Éire Ildánach do Chontae Cheatharlach

Tá luachanna Éire Ildánach, siad sin, Comhoibriú, Cumarsáid, Pobal, Rannpháirtíocht, Uilechuimsitheacht agus Cumhachtú, léirithe i dtosaíochtaí straitéiseacha Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae Cheatharlach.

Rinneadh forbairt trí phróiseas comhairliúcháin agus trí phlé ina raibh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta rannpháirteach agus an straitéis seo á cur le chéile, ar na luachanna seo a leanas a bhaineann go sonrach lenár straitéis:

- **Inrochtaineacht agus Uilechuimsitheacht:** chun rannpháirtíocht barmhaitheasa a chinntiú lena mbíonn tionchar ar gach pobal ar fud Chontae Cheatharlach
- **Ceannaireacht:** chun a chinntiú gur áit rathúil nuálach atá i gContae Cheatharlach inar féidir leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht a bheith faoi bhláth.
- **Oscailteacht:** chun a chinntiú go mbíonn cur chuige fíor, oscailte, iontaofa á ghlacadh ar mhaithe le cur ar chumas pobail an acmhainneacht is fearr is féidir a bhaint amach.
- **Comhoibriú:** chun a chinntiú go gcruthaítear agus go gcumhachtaítear comhoibriú agus comhpháirtíocht stuama ar mhaithe le heolas agus scileanna a chomhroinnt chun torthaí bunathraitheacha a bhaint amach.
- **Aitheantas:** chun a chinntiú go mbíonn meas ar chultúr agus ar chruthaitheacht mar acmhainn ríthábhachtach agus go ndéantar uaillmhian na dtéamaí straitéiseacha a chomhroinnt, a admháil agus a chur chun cinn.



The Columban Way walking trail through the Black Stairs Mountains, Co. Carlow.

Photographer: Tony Plevin

4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh Pobail Ildánacha ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

- **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

- i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).
- ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.
- iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúir agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.
- iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil—idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírthe i gcomhar a chothú.

Mobile Music Machine performing one of their Care Concerts in Carlow, October 2022 with Orla Fallon and the Wild Turkeys, presented by Carlow Arts Office and Creative Ireland L-R: John Dover, Sean Walsh, Orla Fallon, Tom O Donoghue, Lynda O Connor. **Photographer:** Michael O'Rourke



First Floor Gallery, Carlow County Museum, **Photographer:** Carlow County Museum



Cruinniu na n'Og 2022, Carlow. *Carnival of Collective Joy*, Carlow. **Photographer:** Michael O'Rourke



Tá Pobail Ildánacha (Colún 2) mar fhócas do Thosaíochtaí Straitéiseacha Cultúr agus Cruthaitheachta an Údaráis Áitiúil. Tá na 4 tosaíocht agus cuspóir straitéiseacha seo a leanas aitheanta trí phróiseas comhairliúcháin, an méid atá foghlamtha ón bplean 5 bliana seo caite agus rannpháirtíocht inmheánach tríd an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta.

Cuspóir Straitéiseach 1 — Daoine, smaointe agus pobail a nascadh

Cuspóir: Ról ceannaireachta a imirt ó thaobh pobail ina bhfuil teacht aniar a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe chun tacú le timpeallacht comhoibríoch agus deiseanna níos fearr a sholáthar do rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha.

Príomhspríocanna:

- Leanúint le tionscnaimh cláregraithe straitéiseacha a stiúradh ar fud na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta.
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh faoi stiúir an phobail trí thosaíocht a thabhairt do thionscadail fadtéarmacha a chuireann an méid is fearr is féidir os comhair an phobail.
- Tacú le fás na hearnála cruthaitheachta agus riachtanais pobail atá ag athrú a aithint trí oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí, cleachtóirí spéise agus pobail le spéis chomhchoiteann.
- Tosaíocht a thabhairt don ilghnéitheacht agus do thionscnaimh atá ionchuimsithe go sóisialta.
- An caighdeán saoil a fheabhsú trí chultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú le cláir sláinte, folláine agus meabhairshláinte.

- Leanúint le freagairt do dhaonra scothaosta agus Contae Cheatharlach a aithint mar Chontae Aoisbháúil le tionscnaimh cultúir agus cruthaitheachta saincheaptha chun a rannpháirtíocht pobail a fheabhsú.
- Leanúint le glór na ndaoine óga a chur chun cinn agus deiseanna a sholáthar do rannpháirtíocht chruthaitheach.

Tosaíocht Straitéiseach 2 — An ról ceannaireachta a bhíonn ag Cultúr agus ag Cruthaitheacht a léiriú agus a chur chun cinn

Cuspóir: Ról ceannaireachta a imirt ó thaobh ár gcomhoibriú líonra tras-earnála a neartú chun cláir nuálacha a fhorbairt atá neadaithe agus atá léirithe go hinmheánach agus go seachtrach.

Príomhspríocanna:

- Obair foirne ildisciplíneach a spreagadh trínár bhfoireann Cultúir agus Cruthaitheachta chun timpeallacht oibre spreagúil agus comhspríoc comhroinnte a spreagadh chun Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta do Chontae Cheatharlach 2023-2027 a sholáthar.
- Infheistíocht a dhéanamh agus acmhainneacht agus taithí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta a fhorbairt chun a bheith níos straitéisí ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir agus tosaíocht a thabhairt do chumas cláir agus forbairt straitéiseach ar mhaithe le tairbhe fadtéarmach ar fud Chontae Cheatharlach
- Tosaíocht a thabhairt do ról nua a cheapadh ar an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, lena n-áirítear, saineolas maidir le hAthrú Aeráide, Bithéagsúlacht, Turasóireacht, Idirchultúrachas, Forbairt Pleanála agus Eacnamaíochta.

- Leanúint le cumarsáid a dhéanamh go háitiúil agus go náisiúnta maidir le tábhacht an Ohultúir agus na Cruthaitheachta a bheith i gcoilár beartas poiblí agus aitheantas a thabhairt ag an am céanna do na dúshláin a chuireann seachadadh torthaí an ról i láthair, lena n-áirítear, saincheisteanna maidir le hacmhainní agus cumas.
- Leanúint le béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an gcultúr a neadú sa phróiseas pleanála náisiúnta le hÉire Ildánach.
- Tiománaithe cultúir a chur chun cinn ó thaobh an gheilleagair áitiúil trí choimisiúnú a dhéanamh ar thuarascáil maidir le tionchar eacnamaíoch do Chontae Cheatharlach maidir leis an ról a imríonn Cultúr agus Cruthaitheacht i bhForbairt Gheilleagair.

Tosaíocht Straitéiseach 3 — Muintir, Timpeallacht Nádúrtha, Stair agus Oidhreacht Chontae Cheatharlach a Cheiliúradh agus a Chosaint

Cuspóir: Feasacht agus meas ar stair, oidhreacht, cultúr agus ar an timpeallacht nádúrtha agus tógtha shaibhir a chur chun cinn agus mórtas cine is ceantair inár bpobail a cheiliúradh.

Príomhspríocanna:

- Bealaí samhlaíocha a bhreithniú chun an earnáil chruthaitheach a stiúradh agus a threorú a bhíonn chun tosaigh ó thaobh feasacht ar athrú aeráide chun oiriúnú agus maolú araon a chur i gcrích.
- Cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht na bhfóram agus na líonraí atá ann cheana féin, lena n-áirítear, ardáin ar líne, chun tacú le nascacht i measc pobal cultúrtha agus cruthaitheachta Chontae Cheatharlach.

- Feasacht a chur chun cinn agus tacú le forbairt a dhéanamh i ndáil leis na gnéithe cultúir de scoth atá ar fáil i gContae Cheatharlach mar phríomhcheann scríbe cultúrtha i gcomhar le hÉire Ildánach, le Fáilte Éireann – Oirthear Ársa na hÉireann, agus le páirtithe leasmhara eile.
- Meas, feasacht agus tacaíocht níos fearr a fhorbairt maidir le stair shaibhir Chontae Cheatharlach, lena n-áirítear, cur chun cinn na Gaeilge, trí chomhpháirtíocht, cláir agus comhoibriú.
- Meas, cosaint, feasacht agus tacaíocht níos fearr a fhorbairt maidir le hoidhreacht nádúrtha agus thógtha Chontae Cheatharlach trí chomhpháirtíocht, cláir agus comhoibriú.
- Deiseanna agus naisc idirnáisiúnta a chur chun cinn trí Straitéis Nasco-chaidrimh agus Diaspóra Chontae Cheatharlach agus trína ndéantar Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach a aithint mar Churadh Cultúir Chontae Cheatharlach.
- Teachtaireacht láidir, stuama agus comhroinnte a fhorbairt maidir le cultúr agus cruthaitheacht i gContae Cheatharlach ar fud eagraíochtaí turasóireachta, fiontraíochta agus gach eagraíocht forbartha eile.

Tosaíocht Straitéiseach 4 — Cur le hAcmhainneacht ar fud na hEarnála Cultúir agus Cruthaitheachta

Cuspóir: Cuir le hacmhainneacht lenár bpobail chun fás na hearnála cultúir agus cruthaitheachta a chruthú trí cheannaireacht agus trí úinéireacht áitiúil.

Príomhspríocanna:

- Oibriú leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail chun acmhainn an phobail agus cláir oiliúna a fhorbairt lena n-aithnítear, a dtacaítear agus a dtreoraítear Ambasadóirí agus seaimpíní Cultúrtha ar fud an chontae ar mhaithe le hionadaíocht an Chultúir agus na Cruthaitheachta a neartú ag leibhéal pobail agus meas ar an gcontae.
- Tacaíochtaí acmhainne a dhíriú chun cabhrú chun cur le hacmhainneacht laistigh de phobail chun forbairt agus inbhuanaitheacht tionscadal fadtéarmach a chinntiú.
- Tacaíocht a thabhairt do agus idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le deiseanna comhpháirtíochta straitéiseacha don earnáil chruthaitheach agus cultúir chun oibriú níos fearr i gCeatharlach agus iad a chumasú leis an méid is fearr is féidir a chur le deiseanna rannpháirtíochta cruthaitheacha.
- Oibriú lenár bhFoireann Fiontraíochta Áitiúil, le tionscail áitiúla agus le comhpháirtithe oideachais chun treallús a chur faoi nuálaíocht chruthaitheachta agus le cur chun cinn agus forbairt ghairmiúil fadtéarmach lucht cruthaitheachta atá ina gcónaí agus ag obair i gContae Cheatharlach.
- Díriú ar chláreagrú ar mhaithe lena bheith níos ionchuimsithe agus tacú le rochtain níos fearr i leith na cruthaitheachta chun cuimsiú teanga, eitneach agus sóisialta a chinntiú.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le caidreamh atá ann cheana féin trínár Músaem Ealaíon, Oidhreacht agus Seirbhís Leabharlainne agus Físeach ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir agus díriú ar chlár feabhsaithe maidir le cur le hacmhainn an phobail a fhorbairt do phobail agus lenár bpobail.



Door Step Dances, Creativity in Older Age Scheme Project, Carlow with Dance Artist, Róisín Whelan, Visual Artist, Bridget Flannery and project participant, Rosemary Adamson, Photographer: Patrick Bramley

6

Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Contae Cheatharlach

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta i bhfeidhm ag Comhairle Contae Cheatharlach chun feidhmiú na Straitéise seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh uirthi.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:

- Fóram comhoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

- Cur le saineolas agus straitéisí inti atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.


Tá soláthar na Straitéise faoi stiúir Oeann Airgeadais, ICT agus Cultúir agus comhaltaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta. Is gné rathúlachta atá ríthábhachtach atá sna struchtúir agus na próisis seo a chuireann ar chumas Pobail Chruthaitheacha tosaíochtaí straitéiseacha a sholáthar do Chontae Cheatharlach.



The River Barrow, Go with The Flow River Adventures, Clashganny, Co. Carlow.
Photographer: Tony Plevin

Borris Viaduct, Borris, Co. Carlow,
Photographer: Tony Plevin

Léarscáil de Cheantar agus de Cheantair
Bhardasacha Údarás Áitiúil Cheatharlach



Aguisín

Coiste um Beartais Straitéiseacha um Fhorbairt Chultúir, Leabharlanna agus Digiteach, Forbairt Turasóireachta, Fiontraíochta agus Forbairt Gheilleagrach
An Comhairleoir Michael Doran (Cathaoirleach) Comhalta Tofa
An Comhairleoir John Murphy, Comhalta Tofa
An Comhairleoir Tom O'Neill, Comhalta Tofa
An Comhairleoir Andrea Dalton, Comhalta Tofa
An Comhairleoir John McDonald, Comhalta Tofa
An Comhairleoir John Pender, Comhalta Tofa
Brian O'Farrell, Gnó/Tráchtála/ Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann
Eileen O'Rourke, Pobal / Deonach
Jolly O'Rock, Pobal / Deonach

Foireann Cultúir Chomhairle Contae Cheatharlach
Pat Delaney, Ceann Airgeadais, ICT & Cultúr
Sinéad Dowling, Oifigeach Ealaíon & Comhordaitheoir Éire Ildánach
Aileen Nolan, Oifig Ealaíon
Kelly Mooney, Oifig Ealaíon
Margaret Moore, Oifigeach Feidhmiúcháin
Sinsearach Cúnta & Príomhoifigeach Cúnta LODC Cheatharlach
John Shortall, Leabharlannaí Contae
Dermot Mulligan, Músaem Chontae Cheatharlach
Emma Lucy O'Brien, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Ionad VISUAL d'Ealaín Chomhaimseartha
Eoin Sullivan, Oifigeach Oidhreachta

Comhpháirtithe agus Comhoibrithe
Éire Ildánach
Turasóireacht Cheatharlach
Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach
Ionad VISUAL d'Ealaín Chomhaimseartha
Coláiste Cheatharlach, Naomh Pádraig SETU, Ceatharlach
Féile Ealaíon Cheatharlach
Bord Oideachais agus Oiliúna
Chill Chainnigh Cheatharlach
Seirbhísí Réigiúnacha don Óige Ceatharlach
Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Cheatharlach
Comhlachas Tráchtála Cheatharlach
Glór Cheatharlach
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach
Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach
Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach
Comhairle Oidhreachta na hÉireann
Fáilte Ireland
Ceatharlach Sláintiúil

Buíochas
Foireann Bainistíochta Chomhairle Chontae Cheatharlach
Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae Cheatharlach
Gráinne Miller, GM Innovations
Príomhchomhpháirtithe leasmhara agus muintir an phobail go léir a chuir leis an gcomhairliúchán poiblí.



Creative Ireland Grant recipients and Carlow Culture and Creativity team members. Carlow.
Photographer: Michael O'Rourke

A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

-
-  CreativeIrl
 -  creativeirl
 -  creativeireland

creativeireland.gov.ie

ÉIRE ILDÁNACH

Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna
agus pobal tríd an gcruthaitheacht.